## URNAÍ

**‘Má theastaíonn uainn saol suáilceach a chaitheamh, tá sé riachtanach go nglacfaimis le glao Dhia agus an domhan a chruthaigh sé a chaomhnú; níl an dara rogha againn mar Chríostaithe tiomanta, an dualgas seo a chur i leataobh uainn.’ (*Laudato Si’*, 217)**

### Urnaí ar son an Domhain

A Dhia uilechumhachtach, tá an domhan uile lán de do bheatha, fiú sa neach is lú ar chruthaigh tú. Doirt anuas orainn fuinneamh do ghrá, ionas gur féidir linn an bheatha is an grá a chaomhnú. Cneasaigh an sprid ionainn, ionas go mbeimid mar lucht cosanta an domhain, seachas lucht creiche. Deonaigh go gcuirfimid an áilleacht i bhfeidhm ar an saol, seachas an truailliú is an lot.
Amen (*Laudato Si’*, 246)

### Altú Roimh Bhia

A Dhia ghrámhar, iarraimid do bheannacht ar an mbia a chuirtear ar fáil anseo trí shaothar an iliomad duine, ón uair a cuireadh na síolta i dtalamh. Cabhraigh linn aire cheart a thabhairt i gcónaí don domhan álainn a chruthaigh tú dúinn. Amen.

**Fliuch d’aghaidh trí huaire agus an ghuí seo á dhéanamh agat:** Fliuchadh de Dhia na Beatha, fliuchadh de Chríost an Ghrá, fliuchadh de Spiorad na Síochána.

**Tugtar cuireadh dúinn éisteacht le glao an domhain. Cad a deir Dia linn trí Sheanchas an Nádúir? Caith breis ama ag machnamh go feasach mothálach ar an ngrá a léiríonn Dia dúinn mar Rí na nDúl. An féidir linn ligean don nádúr a bheith mar mhúinteoir, mar chara, mar fhoinse ghrá Dé dúinn?**

## An Chéad Chéim eile sa Bhaile, sa Pharóiste, i Measc an Phobail Áitiúil

**‘Ní féidir a shéanadh go bhfuil dlúthnasc idir dúile an domhain.’ (*Laudato Si’*, 138)**

- Déan machnamh ar an ngaol atá agat le dúile Dé: www.ecologicalexamen.org
- Féach spriocanna *Laudato Si’* agus conas mar a chuirfeadh bhur bparóiste féin i bhfeidhm iad: www.laudatosiactionplatform.org
- Dírigh aird an pharóiste ar na dátaí seo: Uair ar son an Domhain, Seachtain Náisiúnta na gCrann, Lá an Domhain, Seachtain na Bithéagsúlachta
- Cuir crann nó fál dúchasach Éireannach. Féach: www.easytreesie.com
- Eagraigh beannú na bpeataí le haghaidh Lá Féile San Proinsias ar an 4 Deireadh Fómhair
- Bunaigh grúpa ‘Aire don Domhan’ sa pharóiste. Léigh *Laudato Si’* lena chéile
- An bhféadfaí paróiste éiceolaíoch a thógáil in bhur measc? Féach: www.ecocongregationireland.com
- Bí ag comhoibriú le gníomhartha agus le feachtais a eagraíonn pobail chreidimh éagsúla, scoileanna, clubanna óige, grúpaí pobal in bhur gceantar féin
- Cothaigh an alltacht agus na bláthanna fiáine: www.pollinators.ie/communities/faith-communities

**‘Caithfear ábhar an Bhíobla a mheas ina chomhthéacs féin. Deirtear linn an domhan ‘a shaothrú agus aire a thabhairt dó’ (Geineasas 2:15). Caithfear an talamh a shaothrú, a oibriú, a threabhadh. Ciallaíonn ‘aire’ go bhfuil sé de dhualgas orainn an talamh a chosaint, a chaomhnú, maoirseacht cheart a dhéanamh air. Baineann freagracht fhrithpháirteach leis an ngaol atá againn leis an nádúr.’ (*Laudato Si’*, 67)**

**‘Bain do bhróga de do chosa, óir an ball ar a bhfuil tú i do sheasamh, is talamh naofa é.’ (Exodus 3:5)**



# Éist le Guth an Chruthaithe

**‘Chuala mé a screadaíl … Chonaic mé an cruatan … Téanam mar sin … Chun go dtabharfá mo phobal … Beidh mise leat.’ (Exodus 3:1-12)**

## TRÁTH AN CHRUTHAITHE

**1 Meán Fómhair – 4 Deireadh Fómhair**

IRISH CATHOLIC BISHOPS’ CONFERENCE

Trócaire

## ITHIR



**'Nasc Dia go daingean muid leis an domhan timpeall orainn. Goilleann gaineamhlú na hithreach go mór orainn mar thubaiste, agus bíonn díothú an speicis mar ghortú nimhneach dúinn.' (*Evangelii Gaudium*, 215)**

**An raibh a fhios agat?** Éiceachóras beo í an chré fholláin, agus cothaíonn sí sláinte na n-ainmhithe, na bplandaí is na ndaoine. Infreastruchtúr riachtanach atá inti ionas go mairfidh an slua baictéar, fungas, mionfheithidí agus víreas i gcóimheá lena chéile.

### An staid faoi láthair:

- Cailltear coibhéis 30 faiche pheile de chré thorthúil in aghaidh an nóiméid. Mura dtugtar aire di, ní chothóidh an chré fás na bplandaí, truailleofar í nó scuabfar chun siúil í
- 'Is deacair teacht ar chré fhiúntach. Má bhíonn sí agat, tabhair aire di. Is féidir go ndéanfadh tochailt agus dlúthú dochar di.' (Diarmuid Gavin)
- Tá leathadh ag teacht ar chailliúint na cré ar fud an domhain. Cuireann an t-athrú aeráide, fás na dianfheirmeoireachta, an díchoilltiú, agus gnó na tionsclaíochta le díothú na cré. Má mhaolaítear ar na baictéir agus ar na fungais atá riachtanach don chré mhaith, bíonn an baol ann go scuabfar an ithir chun siúil

### Ní salachar í an chré!

**'An t-aon rud a shábhálann ón díothú muid ná an bháisteach agus sé orlach ithreach.' (Anna Krzywoszynska, Ollscoil Sheffield)**



Cuireann coiste JPIC Dheoise Chiarraí (www.dioceseofkerry.ie) agus Meitheal Oibre *Laudato Si'* na Comhairle um Chaiticeasmaic an bhileog seo ar fáil.

## UISCE




**'Gan na haigéin, bheadh an pláinéad seo chomh sceirdiúil le Mars: gan chluain, gan éan, gan feithid, gan choill, gan bhláth, gan ainmhí, gan duine ar bith. Tá farraigí an lae inniu faoi ionsaí uafásach as gach aird.' (An tArdeaspag Dermot Farrell)**

### An Raibh a Fhios agat?

Is sáile é 97.5% d'uisce an domhain. Is úruisce 2.5% de. Cothaíonn an 2.5% seo beatha an phláinéid. Den 2.5% úruisce, úsáidtear 70% don talmhaíocht, 22% i dtionsclaíocht agus gan ach 8% sa bhaile. Tharla ardú suntasach le déanaí ar an éileamh ar úruisce.

### An staid faoi láthair:

- Sa bhliain 1980, bhí 500 abhainn gan mhilleadh in Éirinn. Anois, níl ach 20 acu mar sin
- De bharr ardú leibhéal na mara amach anseo, creimfear imeallbhord bog na tíre agus beidh na bailte is na cathracha cois farraige in Éirinn i mbaol a mbáite
- Bíonn drochthionchar thar fóir ar mhná is ar pháistí na dtíortha bochta mura mbíonn fáil acu ar úruisce. Is iadsan a chaitheann an t-am á lorg cois baile, agus ní bhíonn sé ar acmhainn acu freastal ar an oideachas dá bharr



## ITHIR: CAD IS FÉIDIR A DHÉANAMH?



- Fás plandaí fréamhaithe go daingean, le cré agus uisce a chaomhnú
- Mótaigh le múirín déanta as dramhbhia
- Faigh réidh le lotnaidicídí dochracha agus le fiailnimh
- Ar Lá Domhanda na nIthreacha (5 Nollaig) dírigh aire an phobail ar thábhacht na n-ithreacha sláintiúla, agus mol bainistíocht inbhuanaithe na n-acmhainní ithreacha do chách (https://www.un.org/en/observances/world-soil-day)
- Féach cad atá idir lámha ag feirmeoirí na hÉireann: https://talamhbeo.ie/
- Cláraigh le grúpa GIY (Fás Féin É), nó leis na 'Bailte Slachtmhara', nó bunaigh féin é
- Maisigh an séipéal le bláthanna áitiúla
- Bíodh garraí glasraí nó luibheanna in aice an tséipéil, nó bosca fuinneoige, fiú

## UISCE: CAD IS FÉIDIR A DHÉANAMH?



- Féach www.water.ie le huisce a chaomhnú. Má sceitheann sconna 10 mbraon uisce gach nóiméad, sin 90 lítear in aghaidh na míosa
- Bailigh uisce báistí
- Bíodh buidéil in-athúsáidte agat. Ná ceannaigh uisce i mbuidéil más féidir
- Glan an trá nó port na habhann le meitheal oibre an pharóiste
- Ar an 8 Meitheamh déan Lá Domhanda na nAigéan a cheiliúradh sa pharóiste (https://worldoceanday.org/)